

Ceapach na Laoi

Ar an 9ú go dtí an 13ú Mean Fómhair bhí lucht na hIdirbhliana i gCeapach Na Laoi ar feadh na seachtaine. Bhain gach éinne taitneamh as an seachtain agus fuair gach éinne rudaí nua amach agus go háirithe bhain gach éinne taitneamh as an absailing a bhí 92 troig ar airde.



Maidin Dé Luain d'fhag lucht na hIdirbhliana an scoil ag tnúth go mór leis an seachtain ach go háirithe oíche a chaitheamh amuigh ag campáil. Bhíodar roinnte i dtrí ghrúpa difriúla agus an céad gníomhaíocht a dheineadar ná an kayaking. Ceann de na rudaí is greannmhara sa tseachtain na gur thit dalta amháin isteach san uisce i cúig bhád difriúil! Ar an dara lá chuadar ag loingseoireacht agus bhaineadar taitneamh as sin agus d'fhoghlaim siad conas compas a úsáid. Tar éis an lóin fuairadar amach conas puball a chuir suas agus bhí sé an úsáideach d'oíche Déardaoin. Nuair a dhúisigh gach éinne maidin Dé Cheadaoin bhí siad neirbhíseach mar bhí torthaí an Teastas Sóisearach ag teacht amach ach ar dtús bhí orthu absailing a dhéanamh agus dreapadóireacht carraige. Tar éis sin chuadar abhaile i gcoir tréimhse ag ceiliúradh na torthaí iontacha. Nuair a tháingadar ar ais bhí orthu pacáil don lá fada. D'fhag na busanna an ionad ag a naoi a chlog ag tabhairt na grúpaí go dtí an pointe tosaigh. Thosnaíodar ag siúl agus

tar éis cúpla uair a chaitheamh ag siúl sa bháisteach sroicheadar an pointe don absailing. Bhí gach éinne neirbhíseach nuair a chonaiceadar an aill a bhí 92 troig ach d'eirigh le gach éinne é a dhéanamh beagnach. Tar éis dóibh é sin a dhéanamh bhí orthu kayaking ar feadh 20 nóiméad agus bhí daoine ag dul i ngach áit ach shroicheadar an áit campála don oíche. Bhí béile breá ag gach éinne agus bhí tuirse ar gach éinne tar éis an lae fada agus chuadar a chodladh go luath. D'eirigh gach éinne go luath ar maidin chun dul ar ais go dtí an ionad agus bhí áthas an domhain ar gach éinne nuair a chuadar i gcoir cith breá fada. Bhí caint ag gach grúpa lena gceannairí agus tar éis an teastas a fháil chuaigh gach éinne abhaile. Bhain gach éinne taitneamh as an seachtain iontach a bhí acu.



Tar éis an dhá lá a chaitheamh i gCeapach na Laoi, tháinig an idirbhliain abhaile ar an 11ú mí Méan Fómhair chun torthaí an Teastas Sóisearach a bhailiú. Bhí sceitimíní ar gach éinne agus bhí na daltaí lán sastá leis na torthaí.

Siúlóid

Ar an 23ú Méan Fómhair chuaigh lucht na hIdirbhliana agus bliain a 1 go dtí Sliabh Torc i gcoir siúlóid breá fada ar feadh an lae. Bhain gach éinne taitneamh as an lá iontach agus bhí athás orthu nuair a shroicheadar bun an chnoic. Bhí seans ag gach éinne caint lena chéile agus cairde

nua a dhéanamh, go háirithe muintir
bhliain a hAon.



Dornálaíocht



Ba mhaith leis na múinteoirí agus na daltaí
go léir comhghairdeacas a ghabháil le
Christina Ní Dheasúna Ghnóthaigh Tina Ní
Dheasúna bonn Airgid Domhanda ar an
28ú Meán Fómhair ag comórtas an
domhain sa Bhulgáir. Tá gach éinne sa
scoil an-bhródiúl asat a Christina.

Iomáint/Peil

Ar an 7ú Méan Fómhair bhuaigh Aaron ó
Murchú, dalta sa 6ú bhliain, craobh na
hEireann mionúr le Ciarraí. Bhí Aaron ag
imirt sna leath tosaithe agus fuair sé dhá
phointe. Tá gach éinne bródúil as Aaron.
Freisin, bhuaigh Dan ó Donnchú craobh an
contae lena club aitiúil, Spa.
Comhghairdeacas leat a Dan. Ar an 16ú
Méan Fómhair bhuaigh buachaillí Fé 16
Cill Na Martra an craobh. Tá an cuid is mó
den fhoireann ag freastal ar an scoil agus
ghabhaimid comhghairdeacas leo.